C/2023/1303

11.12.2023

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Deireadh Fómhair 2023 – Contorno Textil v EUIPO – Harmont & Blaine (GILBERT TECKEL)**

**(Cás T-773/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear broc-chú ón taobh, GILBERT TECKEL – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear broc-chú ón taobh – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cóir chomhionann – Deimhneacht dhlíthiúil)***

(C/2023/1303)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Contorno Textil, SL (Almedinilla, an Spáinn) (ionadaithe: E. Sugrañes Coca agus C. Sotomayor Garcia, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Stoyanova-Valchanova agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Harmont & Blaine SpA (Caivano, an Iodáil) (ionadaí: A. Mascetti, Dlíodóir)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí athrú agus, mar mhalairt air sin, go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Deireadh Fómhair 2022 (Cás R 372/2022-4) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Contorno Textil, SL a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Harmont & Blaine SpA a íoc.

3) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin a íoc.

---

([1]) IO C 45, 6.2.2023.